

Gealltanás ó Thuismitheoirí faoi Pháirceáil

Buneolas

Ba cheart go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoin ngá atá le páirceáil go cuí agus go tuisceanach, agus ba cheart sin a dhéanamh ar an méid bealaí is féidir. Ba cheart go mbeadh an t-eolas ar shuíomh gréasáin na scoile, i réamheolaire na scoile agus sa chumarsáid le tuismitheoirí a bhfuil a leanaí ag teacht chun na scoile den chéad uair.

Ba cheart a lua le linn na gcruiinnithe fáiltithe go dtugann an scoil spreagadh do thuismitheoirí agus do leanaí teacht chun na scoile de shiúl na gcos nó ar an rothar. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach beirt tuismitheoirí de na tuismitheoirí a bhfuil a leanaí ag teacht chun na scoile den chéad uair ar an eolas faoi na ceisteanna a bhaineann le páirceáil ag an scoil agus an tairbhe atá le taisteal sláintíúil chun na scoile sula gcuirfidh siad túis leis an nós a bheith ag tiomáint chun na scoile.

Téacs samplach

Ó tharla gur scoil í seo gur cás léi an tsláinte agus atá tiomanta don taisteal níos sábháilte agus don taisteal inbhuanaithe, ba mhaith linn spreagadh a thabhairt do na daoine go léir atá bainteach leis an scoil an turas chun na scoile agus abhaile a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar an rothar nuair is féidir é.

Deis is ea an siúl chun eolas faoi chúrsaí tráchta a thabhairt do bhur leanaí agus na scileanna sin a bhíonn ag teastáil uathu nuair a bhíonn siad ag dul thall is abhus de shiúl na gcos a mhúineadh dóibh. Is í an deis is fearr í le fáil amach faoina raibh ar siúl acu i rith an lae agus beidh siad níos réitithe le tabhairt faoin bhfoghlaim nuair a thiocfaidh siad ar scoil tar éis dóibh a bheith amuigh faoin aer úr agus i mbun acláiochta.

Más gá daoibh tiomáint, bheimis buíoch ach iarracht a dhéanamh páirceáil tamall gearr ón scoil, leas a bhaint as an Áit Pháirceála agus Siúil (tagair di seo má tá sí ann) nó féachaint le bheith ag roinnt carranna idir sibh féin agus teaghlaech eile. Nuair a bhíonn carranna páirceáilte go míchuí in aice leis an scoil bíonn sé níos deacra ar na leanaí an trácht a fheiceáil agus breith a thabhairt air agus tharlódh go gcuirfeadh sé ár gcomharsana trína chéile agus go gcuirfeadh sé as dóibh.

Ár mbuíochas libh as gan carranna a bheith páirceáilte san áit atá thart ar an scoil.